17. An seachtú saincheist dlí déag, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 48 den Chairt

— Gearrtar pionós, ar bhealach díreach, ar an iarratasóir leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme cé nach ann don choinbhleacht leasa pholaitiúil a agraítear chun údar a thabhairt leis an bpionós ina leith, agus leis sin déantar sárú tromchúiseach agus follasach ar thoimhde na neamhchiontachta.

18. An t-ochtú saincheist dlí déag, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 52 den Chairt

— Ós rud é, i gcás an iarratasóra, nach bhfuil coinbhleacht leasa pholaitiúil *de facto* ann, sáraítear leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme na ceanglais um riachtanais shonraigh agus comhréireachta.

19. An naoú saincheist dlí déag, lena n-éilítear sárú ar an Rialachán Cumasúcháin [2]

— Ghlac an Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme gan measúnú a dhéanamh ar an tsubstaint agus ar bhealach sonrach, an bhfuil coinbhleacht leasa phoilitiúil ann atá mar bhunús don Chinneadh sin.

[1] IO 2022 L 325, lch. 94.
[2] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO 2020 L 433, lch. 1).

**Caingean arna tabhairt an 8 Márta 2023 – Synapsa Med v EUIPO – Gravity Products (Gravity)**

**(Cás T-125/23)**

(2023/C 173/44)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Pholainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Synapsa Med sp. z o.o. (Jelcz Laskowice, an Pholainn) (ionadaí: G. Kuchta, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Gravity Products LLC (Nua-Eabhrac, Stáit Aontaithe Mheiriceá)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "Gravity" – Iarratas ar chlárú Uimh. 17 982 729

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 9 Eanáir 2023 i gCás R 923/2022-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh an 9 Eanáir 2023 ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO a athrú trí sheasamh leis an achomharc i gcoinne chinneadh an 11 Aibreán 2022 lena ndearbhaítear go bhfuil focalmharc de chuid an Aontais GRAVITY ZTUE-017982729 neamhbhailí agus lena ndiúltaítear don iarratas ar dhearbhú neamhbhailíochta.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 95(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus ar Airteagal 7(2), Airteagal 7(3), Airteagal 16 agus Airteagal 17(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún;

— Sárú ar Airteagal 60(1)(a) agus Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.